



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills**

Ciorclán 0030/2020

Chuig: Údaráis Bainistíochta gach Bunscoil agus Iarbhunscoil Aitheanta

Leithdháiltí Cúntóirí Riachtanas Speisialta don Scoilbhliain 2020/21 do Ranganna Príomhshrutha i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna

1. Cuspóir

Is é cuspóir an Chiorcláin seo comhairle a thabhairt do scoileanna faoi shocruithe athbhreithnithe maidir le tacaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) a leithdháileadh ar ranganna príomhshrutha i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna don scoilbhliain 2020/21.

Tá tacaíocht CRS ar na gnéithe lárnacha maidir le cuimsiú rathúil daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san oideachas, lena n-áirítear ranganna príomhshrutha, scoileanna speisialta agus ranganna speisialta.

Is é cuspóir an chiorcláin seo cinnteacht a thabhairt maidir le soláthar CRS do dhaltáí i ranganna príomhshrutha, dá scoileanna, dá dteaghlaigh agus do CRSanna don bhliain acadúil 2020/21.

2. Cúlra

I mí na Nollag 2019, cheadaigh an Rialtas cur i bhfeidhm náisiúnta samhail nua túsualaithe chun tacaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta (SNAnna) a leithdháileadh ar bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna do dhaltáí i ranganna príomhshrutha, le héifeacht ón scoilbhliain 2020/21, mar cuid de chur i bhfeidhm céimnithe na Samhla um Chuimsiú Scoile (SCS).

Ar an drochuair, mar gheall ar an gcur isteach de dheasca na géarchéime sláinte phoiblí Covid-19, ní féidir an tsamhail leithdháilte nua a chur chun feidhme i mbliana. Dá réir sin, rinneadh cinneadh cur chun feidhme na samhla leithdháilte nua a chur siar go dtí scoilbhliain 2021/22. Tabharfaidh sé sin dóthain ama don phleanáil riachtanach chun SCS a chur chun feidhme agus chun an fhorbairt ghairmiúil ghaolmhar a dhéanamh.

Ina fhianaise sin, tá socruithe athbhreithnithe maidir le leithdháileadh tacaíochta CRS do 2020/21 á gcur i bhfeidhm mar bheart eatramhach ar feadh bliana.

3. Socruithe Leithdháilte Eatramhacha don Scoilbhliain 2020/21

Beidh feidhm ag na socruithe a leanas chun tacaíocht CRS a leithdháileadh i leith daltaí i ranganna príomhshrutha do 2020/21:

- Déanfar leithdháiltí CRS ranganna príomhshrutha 2019/20 a chalcadh, ón dáta a eiseofar an Ciorclán seo, agus tabharfaidh ar aghaidh iad go huathoibríoch isteach i scoilbhliain 2020/21. Ciallaíonn sé sin nach bhfaighidh aon scoil leithdháileadh níos lú ná an méid atá acu ar dháta eisiúna an Chiorcláin seo agus is féidir le CRSanna atá ann faoi láthair i bpoist chaighdeánacha CRS leanúint ar aghaidh sna poist sin don scoilbhliain seo chugainn ar an ngnáthbhealach.
- Féadfaidh scoileanna iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) ar bhreisíocht más féidir leo a léiriú nach gcomhlíonann an leithdháileadh reatha riachtanais chúraim bhreise laistigh de na ranganna príomhshrutha sa scoil. Déileálfar le hiarratais ar bhreisíocht a eascraíonn as riachtanais chúraim bhreise nua nó as riachtanais chúraim bhreise atá ag teacht chun cinn, nach féidir freastal orthu laistigh de na leithdháiltí atá ann cheana, trí phróiseas athbhreithnithe, mar atá leagtha amach faoi alt 4 thíos.
- Ní bheidh gá le diagnóis ar mhíchumas, ná tuarascáil shíceolaíoch ná ghairmiúil eile, don phróiseas sin.
- Níl aon athrú ar ról an CRS chun tacú le riachtanais chúraim na ndaltaí i ranganna príomhshrutha, mar atá leagtha amach i gCiorclán 0030/2014.
- Ní bhíonn tionchar ag an socrú eatramhach seo ar leithdháiltí CRS do ranganna speisialta agus do scoileanna agus leanfar ag leithdháileadh soláthar CRS sna suíomhanna oideachais speisialta sin ar an ngnáthbhealach.

4. Athbhreithniú Eisceachtúil ar Leithdháileadh CRS Príomhshrutha 2020/21

Táthar ag súil go ndéanfaidh scoileanna athbhreithniú ar imscaradh CRSanna i suíomhanna príomhshrutha agus iad a chur in ord tosaíochta agus go leithdháilfidh siad acmhainní lena chinntiú go bhfaighidh na daoine sin a bhfuil an leibhéal riachtanas is mó acu an leibhéal is mó tacaíochta. Tá rochtain ar thacaíocht CRS fós bunaithe ar riachtanais chúraim phríomhúil mar a leagtar amach i gCiorclán ROS 0030/2014.

Tar éis athbhreithnithe agus cúrsaí a chur in ord tosaíochta ar an gcaoi sin, táthar ag súil go bhféadfadh sé nach mbeadh leithdháileadh CRS leordhóthanach ag líon beag scoileanna, e.g. scoileanna i mbéal forbartha, chun freastal ar riachtanais a gcuid daltaí.

Féadfaidh na scoileanna sin iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) ar Athbhreithniú Eisceachtúil ar a leithdháileadh.

Foilsítear faisnéis mhionsonraithe faoi phróiseas athbhreithnithe eisceachtúil na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) ar shuíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta www.ncse.ie.

Déanfaidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) iarracht freagra a thabhairt ar gach iarratas ar athbhreithniú eisceachtúil a fhaightear roimh an 22 Bealtaine 2020 faoin 30^ú Meitheamh 2020 agus ina leith sin, tabharfar tosaíocht d'iarratais ó scoileanna nach bhfuil aon leithdháileadh CRS reatha acu agus do scoileanna atá i mbéal forbartha. Leanfar le hiarratais ar Athbhreithniú Eisceachtúil a gheofar tar éis an 22 Bealtaine 2020 a phróiseáil a luaithe a bheidh gach iarratas eile comhlánaithe.

Beidh an próiseas athbhreithnithe eisceachtúil maidir le leithdháiltí príomhshrutha ar fáil do scoileanna i rith scoilbhliain 2020/21.

5. Achomharc ar thoradh an Athbhreithnithe Eisceachtúil

D'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) meicníocht achomhairc do scoileanna nach bhfuil sásta le toradh an Athbhreithnithe Eisceachtúil. Cuirfidh Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais Áitiúla faisnéis agus soiléiriú ar fáil do scoileanna faoin toradh nuair is gá.

Nuair is mian le scoileanna achomharc a dhéanamh ar thoradh an athbhreithnithe, ní mór dóibh é sin a dhéanamh ag baint úsáide as an bhfoirm fhorordaithe a sholáthraíonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE).

Agus achomhairc á bpróiseáil, déanfaidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) an méid a leanas:

- a chinntiú go ndéileálann oifigeach (Oifigeach Achomhairc) nach raibh baint aige le cinneadh an Athbhreithnithe Eisceachtúil leis an achomharc;
- athbhreithniú ar an bhfaisnéis ar a ndearnadh cinneadh an Athbhreithnithe Eisceachtúil.

Nuair a bheidh an t-achomharc críochnaithe, cuirfear an toradh in iúl don scoil.

Foilsítear faisnéis mhionsonraithe faoin bpróiseas achomhairc athbhreithnithe eisceachtúil agus faoi na forais achomhairc ar shuíomh Gréasáin NCSE www.ncse.ie.

6. Scrúdú Neamhspleách ar an bPróiseas Achomhairc

I gcás nach bhfuil scoil sásta le toradh an achomhairc ar an mbonn nár leanadh an próiseas, féadfaidh sí an t-ábhar a tharchur chuig an gCoiste Comhairleach Achomhairc neamhspleách (CCA) ar a bhfuil Cathaoirleach neamhspleách, ionadaí ó bhoird bhainistíochta scoile agus ionadaí tuismitheora. Is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an CCA.

Tá tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas sin ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) www.ncse.ie.

7. Measúnuithe Leighis agus Measúnuithe Gairmiúla

Mar a shonraítear thuas, ní bheidh gá le diagnóis ar mhíchumais agus/nó tuarascáil ghairmiúil chun go bhfaighidh dalta tacaíocht CRS. Mar sin féin, ba cheart go leanfaí d'úsáid a bhaint as measúnuithe leighis agus gairmiúla eile, nuair a bhíonn siad ar fáil, chun cabhrú le riachtanais dalta a mhíniú, agus tuiscint níos fearr a sholáthar orthu, lena n-áirítear a riachtanais chúraim, cineál na ndeacrachtaí atá acu, agus chun idirghabháil ábhartha a threorú.

Sa chás go bhfuil measúnuithe nó tuarascálacha leighis ag tuismitheoirí a thugann breacchuntas ar chineál na riachtanas cúraim a d'fhéadfadh a bheith ag daltaí ag eascairt as míchumas nó riachtanas speisialta oideachais, ba cheart dóibh iad sin a thabhairt ar aird fós d'fhonn cabhrú le scoileanna an bealach is fearr chun tacú leis an dalta a phleanáil.

Soláthraíonn treoir na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) breis faisnéise maidir le hathbhreithniú eisceachtúil a lorg faoi na cineálacha faisnéise agus an doiciméadacht tacaíochta is féidir a úsáid i gcás nach bhfuil measúnuithe/tuarascálacha den sórt sin ar fáil.

8. Ról an Chúntóra Riachtanas Speisialta

Foráiltear leis an gCiorclán seo do shocruithe sealadacha chun tacaíocht CRS i ranganna príomhshrutha do scoilbhliain 2020/21 a leithdháileadh. Ní athraíonn an Ciorclán ról an CRS ná ní leasaíonn sé téarmaí agus coinníollacha fostaíochta reatha CRSanna. Ba chóir an Ciorclán seo a léamh i dteannta na gCiorclán CRS atá ann cheana.

Is é ról an CRS fós chun tacú le riachtanais chúraim daltaí agus chun cabhrú le múinteoirí ranga, agus múinteoirí oideachais speisialta, lena chinntiú go mbeidh an dalta in ann rochtain a fháil ar oideachas, mar atá leagtha amach in Alt 5 de Chiorclán ROS 30/2014. Ní hé ról an CRS é teagasc breise a sholáthar, mar is é sin ról na múinteoirí oideachais speisialta cáilithe a d'fhéadfadh cabhrú leis an múinteoir ábhair/ranga teagasc breise a sholáthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

9. Ról na Scoileanna chun Tacaíocht CRS a Bhainistiú

Ba chóir do scoileanna CRSanna a úsáid ar an mbealach is fearr a chomhlíonann riachtanais tacaíochta cúraim daltaí i ranganna príomhshrutha. Is ceist do gach scoil tacaíocht CRS a leithdháileadh chun freastal ar riachtanais na ndaltaí trí riachtanais chúraim gach dalta sa scoil a shainaithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu, agus ar an gcaoi sin solúbthacht a thabhairt do scoileanna maidir leis an gcaoi a n-úsáidtear an tacaíocht CRS atá ar fáil. Ba cheart leanúint de riachtanais chúraim phríomhúil a léirmhíniú i gcomhthéacs Chiorclán 30/2014. Ba cheart go bhfaigheadh daltaí a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu an leibhéal is mó tacaíochta.

Sanntar dualgais CRS de réir rogha an Phríomhoide, nó duine eile atá ag gníomhú thar ceann an Phríomhoide, agus/nó an Bhoird Bainistíochta scoile nó BOO de réir Chiorclán 0071/2011.

Ba chóir go mbeadh obair CRSanna, faoi threoir an phríomhoide nó an mhúinteora, dírithe ar thacú le riachtanais chúraim áirithe an dalta/na ndaltaí agus ba cheart monatóireacht a dhéanamh uirthi ar bhonn leanúnach agus í a mhodhnú dá réir.

10. Tabhairt isteach na Samhla Leithdháilte CRS Túsualaithe

Eiseofar tuilleadh comhairle le linn scoilbhliain 2020/21 maidir le tabhairt isteach na samhla túsualaithe le héifeacht ó Mheán Fómhair 2021. Tabharfaidh sé sin breac-chuntas ar an gcur chuige foriomlán, lena n-áirítear an fhorbairt ghairmiúil agus tacaíochtaí eile a chuirfear ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí.

11. Faisnéis nó ceisteanna faoin gCiorclán seo

Má tá aon cheist agat maidir leis an gCiorclán seo déan teagmháil le:

special_education@education.gov.ie

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie

Eddie Ward
Príomhoifigeach
Rannóg an Oideachais Speisialta

24 Aibreán, 2020